

16.11.2023

A9-0319/459

Leasú 459
Grace O'Sullivan
thar ceann Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Aithris 111 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(111 a) Ba cheart tús áite a thabhairt i gcónaí d'athchúrsáil mheicniúil dramhaíola plaistí ar athchúrsáil cheimiceach. Ní féidir athchúrsáil cheimiceach dramhaíola plaistí a mheas mar bheart comhlántach le hathchúrsáil mheicniúil ach amháin i gcás nach féidir an dramhaíl phlaisteach a athchúrsáil go meicniúil, nó i gcás inarb í an athchúrsáil cheimiceach an t-aon bhealach chun an dramhaíl phlaisteach a dhí-éilliú.

Or. en

Réasúnú

Tá sé tábhachtach a shoiléiriú gur cheart tús áite a thabhairt i gcónaí d'athchúrsáil mheicniúil ar athchúrsáil ceimiceán, agus nach féidir athchúrsáil ceimiceán a mheas mar bheart comhlántach ach amháin faoi choinníollacha áirithe.

16.11.2023

A9-0319/460

Leasú 460
Grace O'Sullivan
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 3 – mír 1 – pointe 32

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

(32) ciallaíonn ‘athchúrsáilte ar scála’ **go ndéantar pacáistíocht a bhailiú, a shórtáil agus a athchúrsáil le bonneagar úrscothach agus próisis úrscothacha, faoina gcumhdaítear 75 % ar a laghad de dhaonra an Aontais, lena n-áirítear dramhaíl ó phacáistíocht a onnmhairítear ón Aontas agus a chomhlíonann ceanglais Airteagal 47(5);**

(32) ciallaíonn ‘athchúrsáilte ar scála’ **acmhainn leordhóthanach a bheith ann chun an dramhaíl ó phacáistíocht a bhailítear a dhíriú ar shruthanna dramhaíola sainithe agus aitheanta trí phróisis thionsclaíocha sheanbhunaithe le haghaidh athphróiseála i gcórais iarbhír atá cruthaithe sa timpeallacht oibríochtúil;**

Or. en

(Leasú comhionann le Leasú 66 ó ENVI, ach scriosadh a chur leis an gcuid dheireanach den abairt maidir le honnmhairí)

Réasúnú

Níor cheart a mheas go bhfuil pacáistíocht ‘athchúrsáilte ar scála’ ach amháin má tá acmhainneacht leordhóthanach ann chun í a athchúrsáil laistigh den Aontas. Ní mór dúinn bonneagar agus próisis úrscothacha a fhorbairt a thuilleadh laistigh den Aontas ionas gur féidir linn ár ndramhaíl féin ó phacáistíocht a athchúrsáil. Níl údar maith le bonneagar athchúrsála i dtríú tíortha a chur san áireamh agus ‘athchúrsáilte ar scála’ á shainmhíniú. Féadfar athchúrsáil i dtríú tíortha a áireamh chun na spriocanna a bhaint amach má dhéantar í faoi choinníollacha coibhéiseacha (féach ENVI AM 286), ach níor cheart í a áireamh le haghaidh ‘athchúrsáilte ar scála’.

16.11.2023A9-0319/461

Leasú 461
Grace O'Sullivan
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

Airteagal 7a

***Bunábhar bithbhunaithe i bpacáistiú
plaisteach***

***1. Faoi 31 Nollaig 2025, foilseoidh an
Coimisiún tuarascáil ina ndéanfar
measúnú ar an bhféidearthacht
spriocanna a leagan síos chun bunábhar
bithbhunaithe a úsáid i bpacáistíocht
phlaisteach. I gcás inarb iomchuí, agus
bunaithe ar an tuarascáil sin, tiolacfaidh
an Coimisiún togra reachtach chun an
méid seo a leanas a dhéanamh:***

***(a) ceanglais inbhuanaitheachta a leagan
síos maidir le bunábhar bithbhunaithe i
bpacáistíocht phlaisteach, agus na critéir
inbhuanaithe atá ann cheana a leagtar
síos in Airteagal 29 de Threoir (AE)
2018/2001 á gcur san áireamh;***

***(b) spriocanna a leagan síos maidir le
bunábhar bithbhunaithe a úsáid i
bpacáistiú plaisteach;***

Or. en

Réasúnú

Ba cheart spriocanna maidir le bunábhar bithbhunaithe a thabhairt isteach. Ba cheart é sin a dhéanamh ar leithligh ó na spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte i bpacáistiú plaisteach, ós rud é gur dhá rud atá go hiomlán difriúil iad sin. Ba cheart airteagal nua a thabhairt isteach chun déileáil le bunábhar bithbhunaithe i bpacáistíocht phlaisteach. Le bunábhar bithbhunaithe ion a áireamh i dtreo spriocanna maidir le hábhar athchúrsáilte, mar a

AM\1290625GA.docx

PE754.376v01-00

fhoráiltear in ENVI AM 138, bhainfí an bonn ó aidhm PPWR borradh a chur faoin athchúrsáil phlaisteach. Chuirfeadh sé tomhaltóirí ar míthreoir freisin, a thoirmeodh, mar is ceart, go gciallaíonn ábhar athchúrsáilte ábhar athchúrsáilte agus nach ábhar bithbhunaithe é

16.11.2023A9-0319/462

Leasú 462
Grace O'Sullivan
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 22 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

1. Ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na geríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V.

1. ***Faoi 31 Nollaig 2025 ar a dhéanaí***, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na geríoch a liostaítear in Iarscríbhinn V.

Or. en

Réasúnú

Is príomhfhorálacha iad na srianta ar phacáistíocht iomarcach in Iarscríbhinn V chun aidhmeanna PPWR a bhaint amach maidir le dramhaíl a chosc. Ós rud é go bhfuil leibhéal na dramhaíola ó phacáistíocht san Aontas ard i gcónaí agus go meastar go dtiocfaidh méadú 20 % air faoi 2030, tá bearta láidre práinneacha maidir le dramhaíl a chosc ríthábhachtach. Má chuirtear moill ar na srianta in Iarscríbhinn V go dtí 2027, is deacra do na Ballstáit a spriocanna laghdaithe dramhaíola le haghaidh 2030 a bhaint amach.

16.11.2023A9-0319/463

Leasú 463

Grace O'Sullivan

thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 22 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

2. De mhaolú ar mhír 1, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na geríoch a liostaítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2030.

2. De mhaolú ar mhír 1, ní chuirfidh oibreoirí eacnamaíocha **san earnáil mearbhia** pacáistíocht ar an margadh sna formáidí agus chun na geríoch a liostaítear i bpointe 3 d'Iarscríbhinn V ón 1 Eanáir 2030.

Or. en

Réasúinú

Níl aon chúis ann pacáistíocht aonúsáide a lamháil le haghaidh bianna agus deochanna a líontar agus a chaitear laistigh den áitreabh in earnáil HORECA ('ithe faoi dhíon') go dtí 2030.

Tá roghanna malartacha in-athúsáidte ar fáil leis na céadta blianta agus an úrscothacht i gcaiféanna agus i mbialanna agus ba cheart iad a úsáid i ngach áit, faoi réir díolúine do mhicrifhiontair faoi choinníollacha áirithe. Is í earnáil an mhearbhia an t-aon earnáil neamh-micrifhiontar a bhfuil dúshlán roimhe.

Dá bhrí sin, tá údar maith le ham breise a thabhairt d'earnáil an mhearbhia chun athrú go pacáistíocht in-athúsáidte le haghaidh ithe faoi dhíon.

16.11.2023A9-0319/464

Leasú 464

Grace O'Sullivan

thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 22 – mír 3

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3. **Féadfaidh** na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó phointe 3 d'Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar bhonneagar atá riachtanach d'fheidhmiú córais athúsáide.

3. **Déanfaidh** na Ballstáit oibreoirí eacnamaíocha a dhíolmhú ó phointe 3 d'Iarscríbhinn V má chomhlíonann siad an sainmhíniú ar mhicreachuideachta i gcomhréir leis na rialacha a leagtar amach i Moladh 2003/361 ón gCoimisiún, de réir mar is infheidhme an [Oifig na bhFoilseachán: Cuir isteach an dáta = dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], agus i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil gan pacáistíocht a úsáid nó rochtain a fháil ar bhonneagar atá riachtanach d'fheidhmiú córais athúsáide.

Or. en

Réasúnú

Le ENVI AM 188 leagtar amach díolúine iomlán agus neamhchoinníollach do mhicreachuideachtaí ón toirmeasc ar phacáistíocht aonúsáide a úsáid le haghaidh ithe laistigh, agus ceadaítear an díolúine sin don earnáil ina hiomláine faoi réir coinníollacha áirithe. Bhainfeadh na díolúintí fadréimseach sin an bonn go hiomlán ón oibleagáid pacáistíocht in-athúsáidte a úsáid. Ba cheart micreachuideachtaí - agus gan ach micreachuideachtaí - a dhíolmhú go deimhin, más rud é nach bhfuil sé indéanta go teicniúil dóibh pacáistíocht in-athúsáidte a úsáid nó rochtain a fháil ar bhonneagar atá riachtanach lena hathúsáid.

16.11.2023A9-0319/465

Leasú 465
Grace O'Sullivan
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 22 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

4a. Ón 1 Eanáir 2030, déanfaidh dáileoirí deiridh a bhfuil achar níos mó ná 400 m² acu, seachas na limistéir stórála agus seolta uile, 20 % dá limistéar díolacháin a thiomnú do stáisiúin athlíoanta le haghaidh táirgí bia agus táirgí neamhbhia araon.

Or. en

Réasúnú

Is féidir bia agus táirgí neamhbhia a cheannach cheana féin i mbulcshiopaí ar fud na hEorpa ach tá sé fós ina nideog. Chun cuidiú leis an mbulcshiopadóireacht a phríomhshruthú, ba cheart sciar íosta de spás urláir 20 % a thairiscint do tháirgí a dhiolann na miondíoltóirí móra go léir ar an mórchoir ó 2030 ar aghaidh, ceanglas atá bunaithe cheana féin i ndlí na Fraince, seachas é a bheith mianaidhmeannach (féachfar le tiomnú a dhéanamh) 10 % mar atá in ENVI AM 195.

16.11.2023A9-0319/466

Leasú 466
Grace O'Sullivan
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 26 – mír 3 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3 a. Maidir leis an dáileoir deiridh a chuireann deochanna teo nó fuara ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Bhallstáit, i bpacáistíocht díolacháin, agus é líonta isteach i gcoimeádán ag an díolphointe le haghaidh beir leat, déanfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) a áirithiú, ón 1 Eanáir 2030, go gcuirfear 20 % de na deochanna sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide;

(b) féachaint lena áirithiú go gcuirfear 60 % de na deochanna sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide ón 1 Eanáir 2040.

Or. en

(Níl sé seo nasctha le ENVI AM 200 , a bhaineann le deochanna neamhalcólacha, fad a bhaineann an leasú seo le deochanna beir leat. Ba cheart, dá bhrí sin, é a vótáil go neamhspleách ar ENVI AM 200.)

Réasúnú

Fuarthas amach le réamhthorthaí ó staidéar a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde le déanaí, ‘Anailís Chomhshaoil ar Chásanna Athúsáide’, gur fheidhmigh pacáistíocht in-athúsáidte le haghaidh deochanna beir leata níos fearr ná pacáistíocht aon úsáide nuair is cuid de chóras athúsáide í.

AM\1290625GA.docx

PE754.376v01-00

Tomhaiseadh sé thionchar déag ar an gcomhshaol agus bhí an scór comhiomlánaithe le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte níos airde ná mar a bhí i gcás pacáistíocht aon úsáide. Go sonrach, fuarthas amach go raibh tionchar níos lú ag pacáistíocht tógála in-athúsáidte ar úsáid uisce agus ar an athrú aeráide i gcomparáid le pacáistíocht beir leat aon úsáide.

Tá sé tábhachtach, dá bhri sin, spriocanna soiléire a leagan síos

16.11.2023A9-0319/467

Leasú 467
Grace O'Sullivan
thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil
Frédérique Ries
Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

A9-0319/2023

Togra le haghaidh Rialacháin
Airteagal 26 – mír 3 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

3 b. Déanfaidh dáileoir deiridh atá ag déanamh a ghnó in in earnáil na n-óstán, na mbialann agus na gcaiféanna agus atá ag cur ar fáil ar an margadh laistigh de chríoch Ballstáit pacáistíocht díolacháin le haghaidh bia réamhullmhaithe beir leat a bheartaítear le haghaidh tomhaltas láithreach gan gá a bheith le haon ullmhú breise, agus de ghnáth a itear díreach ón gcoimeádán, an méid a leanas:

(a) a áirithiú, ón 1 Eanáir 2030, go gcuirfear 10 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide;

(b) féachaint lena áirithiú go gcuirfear 25 % de na táirgí sin ar fáil i bpacáistíocht in-athúsáidte laistigh de chóras athúsáide ón 1 Eanáir 2040.

Or. en

(Níl sé seo nasctha le ENVI AM 201 , a bhaineann le deochanna alcólacha, fad a bhaineann an leasú seo le bia beir leat. Ba cheart, dá bhrí sin, é a vótáil go neamhspleách ar ENVI AM 201.)

Réasúnú

Fuarthas amach le réamhthorthaí ó staidéar a rinne an tAirmheán Comhpháirteach Taighde le déanaí, ‘Anailís Chomhshaoil ar Chásanna Athúsáide’, gur fheidhmigh pacáistíocht in-athúsáidte le haghaidh bia beir leata níos fearr ná pacáistíocht aon úsáide nuair is cuid de chóras athúsáide í. Tomhaiseadh sé thionchar déag ar an gcomhshaol agus bhí an scór comhiomlánaithe le haghaidh pacáistíocht in-athúsáidte níos airde ná mar a bhí i gcás

pacáistíocht aon úsáide. Go sonrach, fuarthas amach go raibh tionchar níos lú ag pacáistíocht tógála in-athúsáidte ar úsáid uisce agus ar an athrú aeráide i gcomparáid le pacáistíocht beir leat aon úsáide. Tá sé tábhachtach, dá bhri sin, spriocanna soiléire a leagan síos don earnáil sin.

16.11.2023A9-0319/468

Leasú 468

Grace O'Sullivan

thar ceann an Ghrúpa Verts/ALE

Tuarascáil

A9-0319/2023

Frédérique Ries

Pacáistíocht agus dramhaíl ó phacáistíocht
(COM(2022)0677 – C9-0400/2022 – 2022/0396(COD))

Togra le haghaidh Rialacháin

Airteagal 26 – mír 7 – an chuid réamhráiteach

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún

Leasú

7. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair i bhfoirm pailléad, cliathbhoscaí **plaisteacha**, boscaí **plaisteacha** infhillte, buicéad agus drumaí chun earraí a iompar nó a phacáil i ndálaí seachas dá ndéantar foráil faoi mhíreanna 12 agus 13, an méid a leanas:

7. Áiritheoidh oibreoirí eacnamaíocha, a úsáideann pacáistíocht iompair i bhfoirm pailléad, cliathbhoscaí, boscaí infhillte, buicéad agus drumaí chun earraí a iompar nó a phacáil i ndálaí seachas dá ndéantar foráil faoi mhíreanna 12 agus 13, an méid a leanas:

Or. en

Réasúnú

De réir staidéir a rinne Naturschutzbund Deutschland is ionann an phacáistíocht aon úsáide agus 69% den phacáistíocht iompair ar fad sa Ghearmáin. Is as adhmaid agus plaisteach an 31% atá fágtha, ar féidir a bhformhór a athúsáid cheana. Ós rud é gurb ionann cairtchlár agus formhór mór na pacáistíochta iompair, ba cheart gach cliathbhosca agus gach bosca infhillte a bheith faoi réir spriocanna athúsáide agus ní spriocanna plaisteacha amháin. Seachas sin, ní bheidh aon tionchar iarbhír ag an bhforáil sin ar an dramhaíl a ghineann earnáil na pacáistíochta iompair. Tá córais athúsáide do phacáistíocht iompair ann cheana agus ní mór iad a uas-scálú faoi 2030.